

EBA/GL/2024/02

05/03/2024

Treoirlínte

maidir le liostaí náisiúnta nó cláir
seirbhíseoirí creidmheasa a bhunú agus
a chothabháil faoi Threoir (AE)
2021/2167

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirínte, comhlíonadh trí na treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 28.08.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt "ÚBE/GL/2022/02" air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Comhlíontar leis na treoirlínte seo an sainordú a thugtar do ÚBE faoi Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2021/2167 chun treoirlínte a fhorbairt atá dírithe ar údaráis inniúla maidir le liostaí náisiúnta nó cláir seirbhíseoirí creidmheasa údaraithe a bhunú agus a chothabháil. Sonraítear iontu an t-ábhar, na ceanglais inrochtaineachta agus na spriocdhátaí chun liostaí náisiúnta nó cláir náisiúnta seirbhíseoirí creidmheasa údaraithe a thabhairt cothrom le dáta, d'fhonn feabhas a chur ar an gcothrom íocaíochta ar fud an Aontais agus ar thrédhearcacht do cheannaitheoirí creidmheasa agus d'iasachtaithe. Chun críocha na dtreoirlínte seo, soláthraítear teimpléad comhcheangailte amháin le haghaidh a) fógraí i measc na n-údarás inniúil i ndáil leis an liosta nó leis an gclár agus le haghaidh b) na bhfógraí i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Threoir (AE) 2021/2167 toisc go mbraitheann roinnt gnéithe de na liostaí nó de na cláir ar an bhfaisnéis iomlán atá ann a chur isteach.

Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le bunú agus cothabháil liostaí náisiúnta nó clár seirbhíseoirí creidmheasa údaraithe ag údaráis inniúla.

Seolaithe

7. Is chuig na húdaráis inniúla a dhírítear na Treoirlínte seo mar a shainmhínítear in Airteagal 21(3) de Threoir (AE) Uimh. 2021/2167.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

8. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo ó 30.12.2024.

4. Treoirínite maidir le liostaí náisiúnta nó cláir seirbhíseoirí creidmheasa

4.1. Ábhar an liosta nó an chláir

9. Ba cheart d'údarás inniúla an fhaisnéis seo a leanas a áireamh ar a liosta nó ar a glár i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir (AE) 2021/2167, i gcás gach seirbhíseora creidmheasa:

- a. Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) (le fágáil folamh mura bhfuil LEI ag an seirbhíseoir creidmheasa);
- b. Uimhir aitheantais uathúil náisiúnta arna sannadh ag údarás inniúil an Bhallstáit bhaile;
- c. Ainm dlíthiúil, lena n-áirítear foirm dhlíthiúil na cuideachta, agus an t-ainm tráchtála i gcás nach ionann é agus an t-ainm dlíthiúil. I gcás nach litreacha Laidineacha atá sa bhunainm dlíthiúil nó tráchtála, ba cheart an leagan i litreacha Laidineacha a bheith ar an liosta nó ar an glár freisin;
- d. Seoladh cheannoifig an tseirbhíseora creidmheasa nó seoladh a hoifige cláraithe sa Bhallstát baile, lena n-áirítear:
 - i. Tír
 - ii. Baile/cathair
 - iii. Cód Poist
 - iv. Sráid
 - v. Uimhir shráide;
- e. I gcás inar bhunaigh seirbhíseoir creidmheasa atá údaraithe i mBallstát amháin brainse i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) 2021/2167, ba cheart seoladh an bhrainse sin, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas, a áireamh ar liosta nó ar chláir údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh sin:
 - i. Tír
 - ii. Baile/cathair
 - iii. Cód Poist
 - iv. Sráid
 - v. Uimhir shráide;

- f. Sonraí teagmhála an tseirbhíseora creidmheasa atá ábhartha don Bhallstát ina gcoimeádtar an liosta nó an clár (ceann amháin ar a laghad le soláthar, féadtar níos mó ná ceann amháin a thabhairt):
- i. Seoladh ríomhphoist
 - ii. Foirm ghréasáin
 - iii. Seoladh poist
 - iv. Uimhir ghutháin;
- g. Sonraí teagmhála maidir le gearáin ó iasachtaithe atá ábhartha don Bhallstát ina gcoimeádtar an liosta nó an clár a bhainistiú, ar chuir an seirbhíseoir creidmheasa nós imeachta ar bun ina leith i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Threoir (AE) 2021/2167 (ceann amháin ar a laghad atá le soláthar, féadtar níos mó ná ceann amháin a thabhairt):
- i. Seoladh ríomhphoist
 - ii. Foirm ghréasáin
 - iii. Seoladh poist
 - iv. Uimhir ghutháin;
- h. An Ballstát baile inar údaraíodh an seirbhíseoir creidmheasa;
- i. Stádas údaráithe (“bailí” nó “aistarraingthe”) chun gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar, lena n-áirítear an chéad dáta údaráithe taifeadta, agus an dáta a tarraingíodh siar údarú (más infheidhme). I gcás inar athúdaraíodh seirbhíseoir creidmheasa, ina theannta sin, ba cheart an chéad dáta den údarú atá bailí faoi láthair a áireamh freisin;
- j. Stádas údaráithe (“formheasta”, “toirmiscithe don seirbhíseoir creidmheasa seo” nó “toirmiscithe go ginearálta do sheirbhísithe creidmheasa atá bunaithe in [ainm an Bhallstáit]”) chun cistí a fháil agus a shealbhú ó iasachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir (AE) 2021/2167, lena n-áirítear an chéad dáta údaráithe taifeadta, agus an dáta a tarraingíodh siar údarú (más infheidhme) na seirbhíse sin. Mar réamhshocrú, ba cheart stádas údaráithe an Bhallstáit bhaile a thaispeáint ar liosta nó ar chlár an Bhallstáit óstaigh, ach amháin má tá feidhm ag toirmeasc ginearálta sa Bhallstát óstach, agus sa chás sin ba cheart don údarás inniúil óstach “toirmiscithe go ginearálta do sheirbhíseoirí creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí in [ainm an Bhallstáit]” a thaispeáint do gach seirbhíseoir creidmheasa ar a liosta nó ar a chlár, beag beann ar an stádas údaráithe sa Bhallstát baile. I gcás inar athúdaraíodh seirbhíseoir creidmheasa chun cistí a fháil agus a shealbhú, ina theannta sin, ba cheart an chéad dáta den údarú atá bailí faoi láthair a áireamh freisin;

- k. Liosta de na Ballstáit óstacha a bhfuil fógra tugtha ag an seirbhíseoir creidmheasa ina leith d'údarás inniúil an Bhallstáit bhaile go bhfuil sé beartaithe aige gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar agus a bhfuil fógra seolta ag an údarás inniúil sin ina leith i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Threoir (AE) 2021/2167 chuig údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh (le comhlánú ag údarás inniúil an Bhallstáit bhaile amháin); agus
 - l. An dáta ar féidir leis an seirbhíseoir creidmheasa tosú ag soláthar seirbhísí sa Bhallstát óstach de réir Airteagal 13(5) de Threoir (AE) 2021/2167, agus i gcás inarb infheidhme an dáta ar a bhfuair údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh an fógra ó údarás inniúil an Bhallstáit bhaile nach bhfuil sé i gceist ag an seirbhíseoir creidmheasa seirbhísí a sholáthar sa Bhallstát óstach a thuilleadh (ní bheidh sé le comhlánú ach ag údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh).
10. I gcás inar tarraingíodh siar údarú seirbhíseora creidmheasa, ba cheart don údarás inniúil an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta agus a bhí ábhartha tráth a tarraingíodh siar an t-údarú a áireamh ar an liosta nó ar an gclár, ar bhonn éiginnte.

4.2. Riachtanais inrochtaineachta

- 11. Ba cheart d'údarás inniúla a liosta nó a gclár a dhéanamh inrochtana 24 huair sa lá agus 7 lá na seachtaine. Ba cheart an liosta nó an clár a bheith inrochtana ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil nó ar uirlisí leictreonacha eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ach amháin nuair a bhíonn siad faoi chothabháil.
- 12. Ba cheart d'údarás inniúla a áirithiú nach n-éilíonn rochtain phoiblí ar an liosta nó ar an gclár clárú roimh ré ná aon réamhchoinníoll eile le haghaidh rochtana.
- 13. Ba cheart d'údarás inniúla rochtain a sholáthar ar an liosta nó ar an gclár saor in aisce.
- 14. Ba cheart d'údarás inniúla an liosta nó an clár a chur ar fáil lena íoslódáil agus ba cheart go n-áireofaí leo dáta an nuashonraithe dheireanaigh ar an liosta nó ar an gclár.
- 15. Ba cheart d'údarás inniúla an liosta nó an clár a chur ar fáil sa teanga náisiúnta nó sna teangacha náisiúnta agus ar a laghad i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais is gnách i réimse an airgeadais.

4.3. Nuashonruithe ar na liostaí nó ar na cláir

- 16. Ba cheart d'údarás inniúla faisnéis a bhaineann leis an liosta nó leis an gclár a phróiseáil agus an liosta nó an clár a nuashonrú uair amháin in aghaidh na seachtaine ar a laghad.
- 17. Sa chás sonrath ina bhfuil an cinneadh glactha ag an údarás inniúil sa Bhallstát baile údarú seirbhíseora creidmheasa a tharraingt siar chun gníomhaíochtaí seirbhíse creidmheasa a sholáthar nó cistí a fháil agus a shealbhú ó iasachtaithe, ba cheart don údarás inniúil ón mBallstát baile an fhaisnéis a leagtar amach i mír 9, pointe (i) agus, i gcás inarb infheidhme, mír 9, pointe (j) de na Treoirí seo a thabhairt cothrom le dáta tráth nach déanaí ná faoi dheireadh an dá lá oibre ina dhiaidh sin.

18. A luaithe a gheobhaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát óstach an fhaisnéis a shonraítear faoi mhír 17 ón údarás inniúil sa Bhallstát baile, ba cheart dó a liosta nó a chlár a thabhairt cothrom le dáta tráth nach déanaí ná faoi dheireadh an dá lá oibre ina dhiaidh sin.
19. Ba cheart don údarás inniúil sa Bhallstát baile an t-údarás inniúil sa Bhallstát óstach a chur ar an eolas faoi aon athruithe atá ábhartha dá liosta nó dá gclár, tráth nach déanaí ná nuair a dhéanfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát baile a liosta nó a chlár a nuashonrú. Ba cheart don údarás inniúil sa Bhallstát baile an fhaisnéis a sheoladh chuig an údarás inniúil sa Bhallstát óstach trí mhodh cumarsáide meandrach agus inrianaithe agus tríd an teimpléad san Iarscríbhinn a úsáid.
20. I gcás ina seolann an t-údarás inniúil sa Bhallstát baile fógra den chéad uair i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Threoir (AE) 2021/2167 le haghaidh seirbhíseoir creidmheasa ar leith, ba cheart dó tic a chur le “fógra tosaigh” i roinn 1 den teimpléad agus roinn 2 a chomhlánú agus freisin an fhaisnéis neamhphoiblí i roinn 3 den teimpléad. I gcásanna seachas fógraí tosaigh, ba cheart don údarás inniúil sa Bhallstát baile aird a tharraingt ar an bhfaisnéis a d'athraigh ar an teimpléad i gcomparáid leis an bhfógra deireanach a sheol sé chuig an údarás inniúil sa Bhallstát óstach ar an teimpléad agus ba cheart dó, ar a laghad, ranna 1 agus 2 den teimpléad a chomhlánú.
21. Chun nuashonruithe ar na cláir náisiúnta ar fud an Aontais a éascú trí liosta lárnach de sheoltaí ríomhphoist feidhmiúla, ba cheart d'údarás inniúla ÚBE a chur ar an eolas faoin seoladh ríomhphoist ábhartha chun an liosta nó an clár a bhainistiú a luaithe a bhunófar a liosta nó a gclár náisiúnta faoi seach chomh maith le haon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an seoladh ríomhphoist sin.

4.4. Faisnéis faoi na comhlachtaí poiblí sna Ballstáit atá ainmnithe chun gearáin a láimhseáil

22. Ba cheart d'údarás inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir (AE) 2021/2167 ÚBE a chur ar an eolas maidir le cé acu an iad na húdarás inniúla atá ainmnithe sa dlínse sin freisin chun gearáin faoi sheirbhíseoirí creidmheasa a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 24(3) den Treoir sin. I gcás inar ainmníodh údarás inniúla eile sa dlínse sin chun gearáin a láimhseáil, ba cheart do na húdarás inniúla arna n-ainmniú faoi Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2021/2167 ÚBE a chur ar an eolas dá réir sin. Ba cheart an fhaisnéis maidir le húdarás inniúla arna n-ainmniú chun gearáin a láimhseáil a tharchur chuig ÚBE tráth nach déanaí ná dáta cur i bhfeidhm na dTreoirínte seo. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh na húdarás inniúla ÚBE ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na húdarás inniúla agus ar a gcúraimí faoi seach laistigh de sheachtain amháin.
23. Ba cheart d'údarás inniúla, atá freagrach i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2021/2167 as liosta nó clár seirbhíseoirí creidmheasa a fhoilsiú agus a choinneáil ar bun, tagairt do shuíomh gréasáin ÚBE atá tiomnaithe don fhorléargas ar na húdarás inniúla faoi seach sna Ballstáit atá ainmnithe chun gearáin a láimhseáil a áireamh i gcur i láthair an liosta nó an chlár ar a suíomh gréasáin, ach ní ar an liosta ná ar an gclár féin.

Iarscríbhinn: teimpléad chun údaráis inniúla sna Ballstáit óstacha a chur ar an eolas

Roinn 1: Fógra faoi sheirbhíseoir creidmheasa a sholáthraíonn gníomhaíocht seirbhísithe creidmheasa nó a bhfuil sé beartaithe aige gníomhaíocht seirbhísithe creidmheasa a sholáthar i mBallstát óstach (roghnaigh ceann amháin):	An cineál fógra
<ol style="list-style-type: none"> 1. Fógra tosaigh 2. Nuashonrú 3. Fógra atá criticiúil ó thaobh ama maidir le húdarú a tharraingt siar chun gníomhaíocht seirbhísithe creidmheasa a sholáthar 4. Fógra atá criticiúil ó thaobh ama maidir le húdarú chun cistí a fháil agus a shealbhú ó iasachtaithe a tharraingt siar 5. Fógra a thabhairt go stopann seirbhíseoir creidmheasa de ghníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar sa Bhallstát óstach nó go bhfuil sé beartaithe aige stopadh den soláthar sin 	
Roinn 2: Faisnéis le háireamh i liosta nó i gclár na seirbhíseoirí creidmheasa de chuid an Bhallstáit óstaigh	Seirbhíseoir creidmheasa
An Ballstát baile ina bhfuil an seirbhíseoir creidmheasa údaraithe	
An Ballstát óstach a bhfuil fógra á thabhairt dó go sholáthraíonn seirbhíseoir creidmheasa gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa ina dhlínse nó go bhfuil sé beartaithe aige iad a chur ar fáil	
Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) (má tá sé ar fáil)	
Uimhir aitheantais uathúil náisiúnta arna sannadh ag údarás inniúil an Bhallstáit baile	
Ainm dlíthiúil (lena n-áirítear foirm dhlíthiúil na cuideachta) / + ainm tráchtála murab ionann é agus ainm dlíthiúil (i litreacha Laidineacha)	
Ainm dlíthiúil (lena n-áirítear foirm dhlíthiúil na cuideachta) / + ainm tráchtála murab ionann é agus ainm dlíthiúil (i litreacha nach litreacha Laidineacha iad – más infheidhme)	
Seoladh cheannoifig an tseirbhíseora creidmheasa nó seoladh a hoifige cláraithe sa Bhallstát baile	
Tír	
Baile/cathair	
Cód Poist	
Sráid	
Uimhir shráide	

Seoladh an bhrainse sa Bhallstát óstach ina soláthraíonn an seirbhíseoir creidmheasa gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa nó ina bhfuil sé beartaithe aige iad a sholáthar (más infheidhme)	
Tír	
Baile/cathair	
Cód Poist	
Sráid	
Uimhir shráide	
Sonraí teagmhála an tseirbhíseora creidmheasa atá ábhartha don Bhallstát óstach (ceann amháin ar a laghad le soláthar, féadtar níos mó ná ceann amháin a thabhairt):	
Seoladh ríomhphoist	
Foirm ghréasáin	
Seoladh poist	
Uimhir ghutháin	
Sonraí teagmhála maidir le gearáin ó iasachtaithe atá ábhartha don Bhallstát óstach a bhainistiú ag an seirbhíseoir creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Threoir (AE) 2021/2167 (ceann amháin ar a laghad le soláthar, féadtar níos mó ná ceann amháin a thabhairt):	
Seoladh ríomhphoist	
Foirm ghréasáin	
Seoladh poist	
Uimhir ghutháin	
Stádas údaraithe (bailí nó aistarraingthe) chun gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar, lena n-áirítear an chéad dáta údaraithe taifeadta, agus dáta aistarraingthe an údaraithe (más infheidhme)	
Stádas údaraithe (“formheasta”, “toirmiscthe don seirbhíseoir creidmheasa seo” nó “toirmiscthe go ginearálta do sheirbhísithe creidmheasa atá bunaithe in [ainm an Bhallstáit]”) chun cistí a fháil agus a shealbhú ó iasachtaithe de réir Airteagal 6 de Threoir (AE) 2021/2167, lena n-áirítear an chéad dáta údaraithe taifeadta, agus an dáta a tarraingíodh siar údarú (más infheidhme) na seirbhíse sin	
Roinn 3: Tuilleadh faisnéise faoin seirbhíseoir creidmheasa de réir Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2021/2167, nach bhfuil beartaithe lena foilsíú ar liosta ná ar chlár an údaráis inniúil óstaigh, ach atá ábhartha chun an dáta a chinneadh faoinar féidir leis an seirbhíseoir creidmheasa tús a chur le gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar sa Bhallstát óstach	Seirbhíseoir creidmheasa
Dáta an fhógra tosaigh ón údarás inniúil baile don údarás inniúil óstach go bhfuil sé ar intinn ag seirbhíseoir creidmheasa gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa a sholáthar sa Bhallstát óstach sin	

Aitheantas agus seoladh an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sa Bhallstát óstach (más infheidhme, féadtar níos mó ná ceann amháin a thabhairt):	
Ainm	
Tír	
Baile/cathair	
Cód Poist	
Sráid	
Uimhir shráide	
Céannacht an duine/na ndaoine atá freagrach ag an seirbhíseoir creidmheasa as soláthar gníomhaíochtaí seirbhísithe creidmheasa sa Bhallstát óstach a bhainistiú	
Más infheidhme, tuairisc ar na bearta a glacadh chun nósanna imeachta inmheánacha, socruithe rialachais agus sásraí rialaithe inmheánaigh an tseirbhíseora creidmheasa a oiriúnú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na dlíthe is infheidhme maidir le cearta creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú creidmheasa féin	
Tuairisc ar an nós imeachta atá bunaithe chun go gcomhlíonfaí na rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le frithmhaoiniú sceimhlitheoireachta, trína n-ainmnítear, le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849, seirbhíseoirí creidmheasa mar eintitis faoi oibleagáid chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac	
Cruthúnas go bhfuil acmhainn chuí ag an seirbhíseoir creidmheasa cumarsáid a dhéanamh i dteanga an Bhallstáit óstaigh nó i dteanga an chomhaontaithe creidmheasa	
I gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas cheana féin ag an seirbhíseoir creidmheasa, an Ballstát inar deonaíodh an creidmheas, nuair nach ionann é agus an Ballstát óstach ná an Ballstát baile	